C/2025/2447

23.4.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/2447)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Chablis'

PDO-FR-A0736-AM01

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. **Uastáirgeacht**

I gCaibidil I, Roinn VIII, pointe 1 den tsonraíocht táirge, méadaíodh an uastáirgeacht ó 70 go 75 heictilítear in aghaidh an heicteáir.

Méadaíodh an uastáirgeacht le haghaidh fíonta ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh arna fhorlíonadh leis an téarma traidisiúnta 'Premier Cru' freisin: ó 68 go dtí 73 heictilítear in aghaidh an heicteáir.

Méadaíodh an uastáirgeacht chun an t-athrú aeráide a bhíonn ina chúis le himeachtaí neamh-intuartha agus le heasnaimh bhuainte athfhillteacha, a chur san áireamh.

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair.

2. **Bainistiú fíonghort**

Sa tsonraíocht táirge, i gCaibidil I, Roinn VI, 'Bainistiú fíonghort', tá leaganacha nua ann de phointí a) agus c) mar a leanas:

'a) Dlús plandaithe

— Is é an dlús íosta a bhaineann le plandú fíniúnacha 5 500 planda in aghaidh an heicteáir, agus meánspásáil 1,20 méadar nó níos lú ann idir sraitheanna, ach amháin i gcás go ndéantar fíniúnacha a phlandú ar fhánaí ag a bhfuil grádán 40 % nó os a chionn, agus sa chás sin bíonn an spásáil idir na sraitheanna 1,60 méadar nó níos lú. I gcás an spásáil a bheith neamhrialta, ní bhíonn an t-achar idir sraitheanna níos mó ná 2 mhéadar.

— Is é 0,80 méadar ar a laghad an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna.'

'c) Rialacha maidir le treilísiú agus airde an duilliúir

— Is é airde an duilliúir, nuair a bhíonn sé treilísithe a 0,6 oiread ar a laghad na meánspásála idir na sraitheanna. Tomhaistear an airde sin ón bpointe is ísle den duilliúr, atá socraithe ag 0,30 méadar os cionn na talún, go dtí an chuid is airde den cheannbhrat.

— Ní mór na fíniúnacha a bheith treilísithe agus ní mór taca a chur faoin treilísiú.'

I dtús an 20ú haois, thosaigh fíonsaothraithe Chablis ag grafadh ceann amháin as gach sé shraith fíniúnacha chun pasáiste a chruthú ionas go bhféadfaí cóireálacha fíniúnacha a mheicniú. Ina dhiaidh sin, phlandaigh siad fíniúnacha nua de réir an phatrúin sin.

Ní raibh na cleachtais sheanbhunaithe sin sa leagan bunaidh den tsonraíocht.

Áirítear leis an leasú ar an tsonraíocht na cleachtais sin, a shainítear mar a leanas:

— dlús íosta na plandála a choimeád ag 5 500 in aghaidh an heicteáir;

— meánspásáil uasta 1,2 méadar idir sraitheanna a bhunú;

— spásáil uasta 2 mhéadar idir sraitheanna a chur isteach.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Leasaíodh an doiciméad aonair ag pointe 5 maidir leis na rialacha nua a bhaineann leis an dlús plandaithe.

3. **Bearta idirthréimhseacha**

I gCaibidil I, Roinn XI den tsonraíocht, tá an dá bheart idirthréimhseacha seo a leanas imithe i léig agus baineadh iad dá bhrí sin:

— Próiseáil, táirgeadh, aibiú, pacáistiú, stóráil

Tá feidhm ag na bearta seo a leanas ón 1 Samhain 2014:

— foráil maidir le hacmhainneacht fíonlainne;

— foráil maidir le rialú teochta dabhcha le linn an aibithe;

— foráil maidir le limistéar stórála cosanta le haghaidh fíonta buidéalaithe.

- Foráil speisialta

Déantar na turgnaimh a bhaineann le táirgeacht bhreise a tháirgeadh lena coinneáil mar tháirgeacht chúltaca ('volume complémentaire individuel') a chumhdach le Foraithne an 20 Deireadh Fómhair 2005, arna leasú le Foraithne an 29 Samhain 2007 agus le Foraithne an 23 Samhain 2010.

Ní dhéanann baint na bhforálacha sin difear don doiciméad aonair.

4. **Athrú ar an gcomhlacht cigireachta**

Leasaíodh Caibidil III, Roinn II den tsonraíocht táirge i bhfianaise na rialacha athbhreithnithe maidir le tarraingt suas.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Chablis

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is fíonta socra, tirime, geala iad na fíonta.

a) Bíonn neart alcóil nádúrtha íosta 10 % de réir toirte sna fíonta;

b) Tar éis an tsaibhrithe, ní bhíonn an neart alcóil iomlán de réir toirte sna fíonta níos mó ná 13 %;

c) Nuair atá na fíonta réidh lena gcur ar fáil lena dtomhailt, is é seo a leanas an méid siúcra inchoipthigh uasta (glúcós + fruchtós): 3 ghram in aghaidh an lítir; nó 4 ghram in aghaidh an lítir, má tá an aigéadacht iomlán 55,10 milleachoibhéis in aghaidh an lítir ar a laghad;

d) Comhlíonann na critéir anailíseacha eile na luachanna a bhunaítear sa reachtaíocht Eorpach.

Is fíon bríomhar agus torthaíoch é 'Chablis', arb é is saintréith dó a mhianracht. Tagann castacht agus fíneáltacht aramatach air le haois fad a fhanann a aigéadacht agus a mhianracht úr.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

a) Toirmisctear sliseanna adhmaid a úsáid.

b) Tar éis an tsaibhrithe, ní bhíonn neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte níos mó ná 13 %.

c) Sa bhreis ar na forálacha thuas, ní mór go gcomhlíonann na cleachtais fhíoneolaíocha uile a leantar na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais.

M modh saothraithe

a) Dlús plandaithe

— Is é an dlús íosta a bhaineann le plandú fíniúnacha 5 500 planda in aghaidh an heicteáir, agus meánspásáil 1,20 méadar nó níos lú ann idir sraitheanna, ach amháin i gcás go ndéantar fíniúnacha a phlandú ar fhánaí ag a bhfuil grádán 40 % nó os a chionn, agus sa chás sin bíonn an spásáil idir na sraitheanna 1,60 méadar nó níos lú. I gcás an spásáil a bheith neamhrialta, ní bhíonn an t-achar idir sraitheanna níos mó ná 2 mhéadar.

— Is é 0,80 méadar ar a laghad an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna.

b) Rialacha prúnála

Tagann na fíonta ó fhíniúnacha a phrúnáiltear de réir na bhforálacha seo a leanas:

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil de réir 14 bhachlóg in aghaidh an planda ar a mhéad agus 10 mbachlóg in aghaidh an mhéadair chearnaigh ar a mhéad:

— prúnáil spoir (fíniúnacha arna dtreorú de réir cordon du Royat);

— nó prúnáil chána (Guyot singil nó dúbailte, nó modh prúnála 'taille Chablis').

FORÁIL SPEISIALTA

Beag beann ar an modh prúnála, féadfar na fíniúnacha a bhfuil bachlóga breise orthu a phrúnáil, ar choinníoll gurb amhlaidh, ag an gcéim fheineolaíoch a chomhfhreagraíonn do 11 duilleog nó do 12 dhuilleog, gur lú líon bliantúil na mbuinneog torthúil in aghaidh an phlanda ná líon na mbachlóg arna bhunú leis na rialacha prúnála.

c) Uisciú

Toirmisctear an t-uisciú.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Chablis

75 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Chablis Premier Cru

73 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Déantar na fíonchaora a bhuain agus déantar na fíonta, agus aibítear iad, sna bardais seo a leanas i roinn an Yonne: Beine, Béru, Chablis, La Chapelle-Vaupelteigne, Chemilly-sur-Serein, Chichée, Collan, Courgis, Fleys, Fontenay-près-Chablis, Lignorelles, Ligny-le-Châtel, Maligny, Poilly-sur-Serein, Préhy, Villy agus Viviers.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Chardonnay B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. a) *Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc*

Tá an limistéar geografach suite i sraith fánaí a éiríonn i measc ardchláir réigiún nádúrtha Auxerrois, in Imchuach Pháras. Tá limistéar Chablis ina réigiún beag dea-shainithe atá suite sna limistéir is airde feadh ghleann an Serein, ar craobh-abhainn de chuid an Yonne é, agus é ag sreabhadh trí chroílár limistéar Côte des Bars.

Clúdaíonn sé críoch 17 mbardas i roinn an Yonne, soir ó Auxerre.

Is ionann cuaiste, nó droim Côte des Bars agus struchtúr geomoirfeolaíoch ina bhfuil dríodar ón Tréimhse Iúrasach Uachtarach infheicthe. Foirmíonn aolchloch chrua, 'Calcaire du Barrois', leac feadh bharr fána fada ina bhfuil fo-ithir dhlúth neamnhscagach marla (aolchloch chréúil). Tá sliogáin chuaracha bheaga an oisre *Exogyra virgula* go flúirseach sa mharla sin agus is ón oisre sin a fhaigheann an marla a ainm.

Faoi bhun an mharla sin foirmíonn ciseal atá déanta as cineál aolchloiche ar a dtugtar 'Calcaire à Astartes' airde bheag i dtopagrafaíocht an limistéir gar do bhun an ghleanna. De ghnáth, bíonn an marla a fhoirmíonn an fhána clúdaithe le ciseal sciligh atá comhdhéanta d'ábhar mín atá measctha le heilimintí aolchloiche de chineál níos gairbhe. Téann an droim suas go hairde idir 120 agus 130 méadar. Níl an airde róghéar. Níl an chuid is airde den ardchlár níos mó ná 320 méadar.

Tá tírdhreach Chablis measartha uathúil. Plandáiltear fíniúnacha thar fhánaí fada atá beagáinín tollta. Tá laftán aolchloiche coillteach ann feadh bharr an ardchláir, rud a thugann gné timpeallaithe dó gan aon bhearna ann ach amháin feadh phríomhchuid ghleann Serein. Tá líon mór gleannta atá níos lú ná sin, agus a bhíonn tirim go minic, greanta isteach sna fánaí agus a n-aghaidheanna ar threonna éagsúla. De ghnáth, bíonn na gleannta beaga sin iata agus coillteach ar na taobhanna is géire dá gcuid. Ní phlandáiltear fíniúnacha ach amháin ar na fánaí ag a bhfuil treoíochtaí is fearr.

Tá na dáileachtaí talún atá críochaithe le haghaidh bhuaint na bhfíonchaor suite ar thaobhanna ghleann Serein agus a ghleannta beaga taoibh, suite ar ithreacha dea-dhraenáilte na bhfánaí aolchloiche sa limistéar marla ina bhfuil *Exogyra virgula* fairsing. I gcás ina bhfuil fánaí leordhóthanacha ann, is féidir leis na fíonghoirt síneadh go dtí na limistéir aolchloiche ar a dtugtar 'Calcaire du Barrois' agus 'Calcaire à Astartes'.

Bíonn na hithreacha lán le haolchloch i gcónaí. Bocht, an-chlochach agus draenáilte go maith ar na limistéir aolchloiche, tá níos mó cré iontu ar na fánaí marla. Tá tiús éagsúil sa tsraith sciligh a chlúdaíonn an marla neamhscagach. Cruthaíonn sé sin éagsúlacht agus soláthraíonn sé sraith ina bhfuil draenáil mhaith agus airíonna téimh éifeachtacha.

Tá aeráid mhuirí ann i limistéar Chablis agus tá tionchair chineálta ilchríochacha ann. Saintréith de chuid na haeráide is ea báisteach mheasartha agus thráthrialta: ní bhíonn ach 650 milliméadar ann in Auxerre. Sa samhradh, ní bhíonn aon triomach suntasach ann. Bíonn teochtaí measartha fionnuar ann agus is í an mheánteocht bhliantúil 10,8 °C.

Bíonn baol measartha ard ann go dtarlóidh sioc sa gheimhreadh agus san earrach, rud a d'fhéadfadh a bheith tubaisteach do na fíniúnacha. Méadaíonn an tírdhreach réasúnta iata an riosca sin.

8.2. b) *Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha don nasc*

Tá fianaise ar fhás fíniúnacha i limistéar Chablis ó bhí na hArd-Mheánaoiseanna ann. Bunaíodh mainistir in Chablis in 510. In 867, tugadh í do mhanaigh as Mainistir Naomh Máirtín de Tours a bhí ag teitheadh ó ionradh na Lochlannach ar réigiún an Loire. Is cosúil gur fhorbair na manaigh sin fíonghort gar don sráidbhaile.

In 1114, bhunaigh na Cistéirsigh Mainistir Pontigny, gar do Chablis. Le himeacht aimsire, bhunaigh siad fíonghort agus, ina dhiaidh sin, bhunaigh siad fíonlann Petit Pontigny i mbaile Chablis. Tá na foirgnimh ansin fós.

Mhair na heastáit eaglasta sin go dtí réabhlóid na Fraince. In éineacht leo, i measc na dtuataí, bhí fíonsaothrú rathúil, dírithe ar thrádáil sheachtrach. Bhí deiseanna le fáil go tráthrialta i bPáras agus i dtuaisceart na hEorpa.

Leis na cianta, tá fíon geal tirim 'Chablis' thar a bheith comhsheasmhach. In 1186, tugadh fíonghort do Mhainistir Pontigny inar táirgeadh fíon a dtugadh tuairisc air mar fhíon 'geal a oireann d'aosú thar thréimhse fhada'. Leag údair de chuid an 19ú haois béim ar an tsaintréith sin a d'fhág go raibh 'Chablis' eisceachtúil i gcultúr fíonsaothrúcháin ina raibh fíonta dearga agus 'cláiréad' (rosé) chun tosaigh go mór.

Tharla go raibh limistéar Chablis thíos go mór le fiollocsaeire, agus le coincleach chlúmhach agus coincleach phúdrach agus thógfadh sé roinnt deacáidí ar an limistéar teacht chuige féin arís. Bhí an dara leath den 20ú haois ann go dtí go ndeachthas i mbun athbhunú na bhfíonghort i gceart, le cúnamh ón dul chun cinn i réimse an fhíonsaothrúcháin agus trí mheicniú agus bearta chun cosaint a thabhairt ar shioc. Cuireadh sean-nósanna san áireamh san athbhunú agus cuireadh na fíonghoirt in áirithe chun fíonta geala tirime amháin a tháirgeadh.

Idir 1920 agus 1932, bunaíodh ainmniúchán tionscnaimh 'Chablis' i ndiaidh a chéile le sraith rialuithe cúirte. Ní raibh díospóireacht ann faoin bpríomhlimistéar geografach ná faoi cháilíocht na bhfíonta. Mar sin féin, bhí plé ann maidir le teorainneacha na críche agus cáilíochtaí an fhíona atá i dteideal an t-ainm 'Chablis' a úsáid. De réir a chéile, tarraingíodh suas an limistéar geografach. Rinneadh tagairt fiú d'úsáid suirbhé gheolaíoch a rinne nasc idir limistéar an ainmniúcháin tionscnaimh agus marla cimiritseach. In 1929, le rialú ó chúirt Auxerre, bunaíodh ar deireadh bonn an ainmniúcháin tionscnaimh, gan tagairt gheolaíoch. Aithníodh go mbaineann fíonta 'Chablis' le 'hainmniúchán tionscnaimh cláraithe' in 1938, bunaithe ar na coinníollacha a bunaíodh le rialú 1929.

Déantar fíonta 'Chablis' as cineál aonair, Chardonnay B, a bhfuil cáil air i leith fíonta geala iontacha na Burgúine a tháirgeadh. In Chablis, tá an cineál i réim agus táirgeann sé ordlathas iomlán 'crus' [fíonghoirt ardcháilíochta], rud a léiríonn na dálaí aeráide agus topagrafacha an-éagsúil.

Tá cáil bainte amach ag fíonta a tháirgtear i limistéir a bhfuil na dálaí is fearr acu agus déantar iad a idirdhealú leis an téarma 'Premier Cru'. Tá na 'climats' (fíonghoirt aonair), 'lieu-dits' de ghnáth (dáileachtaí talún ar a bhfuil ainmneacha áitiúla traidisiúnta), a aicmítear mar 'Premier Cru' suite ar na fánaí ag a bhfuil na treoíochtaí is fearr. Tá siad críochaithe go beacht. Tá na 'climats' stairiúla, a aithníodh ó bhí na Meánaoiseanna ann, le fáil ar bhruach deas an Serein. Tá na 'climats' a sainaithníodh níos déanaí le fáil ar an mbruach clé. San iomlán, tá 40 'climat' ann, ar féidir iad a ghrúpáil faoi 17 n-ainm. Tá na 'climats' sin suite ar na 'côtes' (fánaí) arda, ar gnéithe suaithinseacha den tírdhreach casta iad.

Déantar fíonghoirt 'Chablis' a chána-phrúnáil agus a threorú ar an mbealach traidisiúnta. Tá an cineál traidisiúnta prúnála ar a dtugtar 'taille Chablis' oiriúnaithe go maith do na dálaí dúshlánacha aeráide, a tháirgeann táirgeacht rialta agus rialaithe.

Úsáidtear treorú Guyot singil nó dúbailte, a bhí coitianta ar fud fhíonghoirt na Burgúine sa 19ú céad, freisin. Mar thoradh ar roghnú clónach forbraíodh plandaí níos táirgiúla a oireann do phrúnáil spoir ar cuireadh tús lena húsáid chun fás a rialáil. Déantar na fíniúnacha a threilísiú agus déantar iad a phlandáil de ghnáth ina línte ingearacha ar na fánaí. Cabhraíonn an cleachtas sin leis na hithreacha cré a thriomú. Ach cruthaíonn sé fadhbanna maidir le creimeadh, ar fadhbanna iad a mhaolaítear tríd an ithir a iompú agus trí chlúdach féir a sholáthar.

Tá an riosca seaca níos tromchúisí anseo ná i bhformhór na bhfíonghort. Dá bhrí sin, aimsíonn fíonsaothraithe modhanna chun dul i ngleic leis, amhail aisréadóirí a úsáid agus na dáileachtaí talún a théamh. Tá comheagrú agus córas rabhaidh de dhíth do na modhanna sin nuair a íslíonn an teocht chomh híseal sin go bhfuil sé contúirteach.

Bhunaigh táirgeoirí a gcéad cheardchumann in 1908 chun dul i ngleic go héifeachtach le míleithreasú an ainm. In 1923, bunaíodh siléar fíona comhoibritheach, 'La Chablisienne', in Chablis. Tá sé fós in úsáid ag 25 % de na táirgeoirí.

In 2008, chlúdaigh an fíonghort achar thart ar 4 000 heicteár, a tháirg meán bliantúil de 233 000 heictilítear.

8.3. *Faisnéis maidir le cáilíocht agus saintréithe an táirge*

Is fíon geal tirim bríomhar agus torthaíoch é 'Chablis', arb é is saintréith dó a mhianracht. Tagann castacht agus fíneáltacht aramatach air le haois fad a fhanann a aigéadacht agus a mhianracht úr.

D'fhéadfadh fíonta atá i dteideal an téarma 'Premier Cru' a úsáid a bheith níos torthaíche nó níos mianraí ag brath ar bhunáitíocht na bhfíonchaor, rud a léiríonn na dálaí éagsúla ithreach agus méasaeráide sa limistéar. Déantar na fíonta sin chun iad a choimeád i siléar, agus baineann siad a léiriú iomlán amach tar éis 8 go 10 mbliana.

8.4. *Idirghníomhaíochtaí cúisíocha*

Fíonta geala atá ann i gcónaí i gcás na bhfíonta lena ngabhann ainmniúchán tionscnamh faoi chosaint 'Chablis'. Tuilleann siad a gcarachtar mianrach bríomhar ó aeráid mhuirí fhionnuar an limistéir gheografaigh.

Bíonn éifeacht shuntasach ag na dálaí méasaeráide ar an bhfíon sa deireadh. Imríonn dálaí na bliana tionchar mór ar na saintréithe orgánaileipteacha.

Sa limistéar dáileachta talún críochaithe le haghaidh bhuaint na bhfíonchaor, tugtar tús áite do dháileachtaí talún atá suite ar leicne na gcnoc chun draenáil mhaith agus téamh luath na hithreach a áirithiú.

Tá áit speisialta ag Chablis laistigh de réigiún na Burgúine. Tugann a chríoch le fios nach bhfuil sé casta, críoch ina bhfuil comhthéacs geolaíoch aonair, ina n-úsáidtear aon chineál amháin fíniúna agus ina dtáirgítear cineáil amháin fíona. Mar sin féin, cruthaíonn an comhcheangal idir topagrafaíocht chasta agus aeráid dheacair, a chruthaíonn éagsúlachtaí sa mhéasaeráid agus san ithir, éagsúlacht mhór dálaí comhshaoil.

Ó ghlúin go glúin, tá saineolas forbartha ag táirgeoirí a chumasaigh dóibh an chuid is fearr a fháil as cineál Chardonnay B sa timpeallacht aonair seo. Mar shampla, baineann siad úsáid as na teicníochtaí prúnála is fearr chun an táirgeacht a rialú agus chun ligean do na fíniúnacha an aibíocht optamach a bhaint amach. Tá teicnící forbartha acu freisin chun sioc a chomhrac.

Léirítear an éagsúlacht mhór dálaí sin sna héagsúlachtaí a eascraíonn as sin sna fíonta dá barr. Cuimsíonn saintréith uathúil fhíonta 'Chablis' raon ó thorthaíoch go mianrach. Baineadh an leas is fearr as saibhreas an phailéid seo, a bhfuil stair fhada iomráiteach mar bhonn taca leis, agus bronnadh an téarma oirirc 'Premier Cru' ar iliomad 'climats'.

Mar gheall ar phearsantacht láidir na bhfíonta, a aithnítear le fada, tá siad ina n-aircitíopa d'fhíonta geala tirime fíneálta. Is téarma é 'cineál Chablis' a bhfuil cáil air ar fud an domhain agus is minic a d'eascair míleithreasuithe as. Uaireanta déantar an t-ainm a mheas go contráilte mar théarma cineálach.

Tá meas ar fhíonta 'Chablis' ar fud an domhain. Onnmhairítear 60 % de na díolacháin.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Is é atá sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú le maolú ar tháirgeadh agus ar fhorbairt na bhfíonta, críoch na mbardas seo a leanas:

— Roinn Côte-d'Or: Agencourt, Aloxe-Corton, Ancey, Arcenant, Argilly, Autricourt, Auxey-Duresses, Baubigny, Beaune, Belan-sur-Ource, Bévy, Bissey-la-Côte, Bligny-lès-Beaune, Boncourt-le-Bois, Bouix, Bouze-lès-Beaune, Brion-sur-Ource, Brochon, Cérilly, Chamboeuf, Chambolle-Musigny, Channay, Charrey-sur-Seine, Chassagne-Montrachet, Châtillon-sur-Seine, Chaumont-le-Bois, Chaux, Chenôve, Chevannes, Chorey-lès-Beaune, Clémencey, Collonges-lès-Bévy, Combertault, Comblanchien, Corcelles-les-Arts, Corcelles-les-Monts, Corgoloin, Cormot-le-Grand, Corpeau, Couchey, Curley, Curtil-Vergy, Daix, Dijon, Ebaty, Echevronne, Epernay-sous-Gevrey, L'Etang-Vergy, Etrochey, Fixin, Flagey-Echézeaux, Flavignerot, Fleurey-sur-Ouche, Fussey, Gerland, Gevrey-Chambertin, Gilly-lès-Cîteaux, Gomméville, Grancey-sur-Ource, Griselles, Ladoix-Serrigny, Lantenay, Larrey, Levernois, Magny-lès-Villers, Mâlain, Marcenay, Marey-lès-Fussey, Marsannay-la-Côte, Massingy, Mavilly-Mandelot, Meloisey, Merceuil, Messanges, Meuilley, Meursanges, Meursault, Molesme, Montagny-lès-Beaune, Monthelie, Montliot-et-Courcelles, Morey-Saint-Denis, Mosson, Nantoux, Nicey, Noiron-sur-Seine, Nolay, Nuits-Saint-Georges, Obtrée, Pernand-Vergelesses, Perrigny-lès-Dijon, Plombières-lès-Dijon, Poinçon-lès-Larrey, Pommard, Pothières, Premeaux-Prissey, Prusly-sur-Ource, Puligny-Montrachet, Quincey, Reulle-Vergy, La Rochepot, Ruffey-lès-Beaune, Saint-Aubin, Saint-Bernard, Saint-Philibert, Saint-Romain, Sainte-Colombe-sur-Seine, Sainte-Marie-la-Blanche, Santenay, Savigny-lès-Beaune, Segrois, Tailly, Talant, Thoires, Vannaire, Vauchignon, Velars-sur-Ouche, Vertault, Vignoles, Villars-Fontaine, Villebichot, Villedieu, Villers-la-Faye, Villers-Patras, Villy-le-Moutier, Vix, Volnay, Vosne-Romanée agus Vougeot;

Is é atá sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú le maolú ar tháirgeadh agus ar fhorbairt na bhfíonta, críoch na mbardas seo a leanas:

— Roinn Rhône: Alix, Anse, L'Arbresle, Les Ardillats, Arnas, Bagnols, Beaujeu, Belleville, Belmont-d'Azergues, Blacé, Le Bois-d'Oingt, Le Breuil, Bully, Cercié, Chambost-Allières, Chamelet, Charentay, Charnay, Châtillon, Chazay-d'Azergues, Chénas, Chessy, Chiroubles, Cogny, Corcelles-en-Beaujolais, Dareizé, Denicé, Dracé, Emeringes, Fleurie, Frontenas, Gleizé, Jarnioux, Juliénas, Jullié, Lacenas, Lachassagne, Lancié, Lantignié, Légny, Létra, Liergues, Limas, Lozanne, Lucenay, Marchampt, Marcy, Moiré, Montmelas-Saint-Sorlin, Morancé, Nuelles, Odenas, Oingt, Les Olmes, Le Perréon, Pommiers, Pouilly-le-Monial, Quincié-en-Beaujolais, Régnié-Durette, Rivolet, Saint-Clément-sur-Valsonne, Saint-Cyr-le-Chatoux, Saint-Didier-sur-Beaujeu, Saint-Etienne-des-Oullières, Saint-Etienne-la-Varenne, Saint-Georges-de-Reneins, Saint-Germain-sur-l'Arbresle, Saint-Jean-d'Ardières, Saint-Jean-des-Vignes, Saint-Julien, Saint-Just-d'Avray, Saint-Lager, Saint-Laurent-d'Oingt, Saint-Loup, Sainte-Paule, Saint-Romain-de-Popey, Saint-Vérand, Salles-Arbuissonnas-en-Beaujolais, Sarcey, Taponas, Ternand, Theizé, Vaux-en-Beaujolais, Vauxrenard, Vernay, Villefranche-sur-Saône, Ville-sur-Jarnioux agus Villié-Morgon;

Is é atá sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú le maolú ar tháirgeadh agus ar fhorbairt na bhfíonta, críoch na mbardas seo a leanas:

— Roinn Saône-et-Loire: Aluze, Ameugny, Azé, Barizey, Beaumont-sur-Grosne, Berzé-la-Ville, Berzé-le-Châtel, Bissey-sous-Cruchaud, Bissy-la-Mâconnaise, Bissy-sous-Uxelles, Bissy-sur-Fley, Blanot, Bonnay, Bouzeron, Boyer, Bray, Bresse-sur-Grosne, Burgy, Burnand, Bussières, Buxy, Cersot, Chagny, Chaintré, Chalon-sur-Saône, Chamilly, Champagny-sous-Uxelles, Champforgeuil, Chânes, Change, Chapaize, La Chapelle-de-Bragny, La Chapelle-de-Guinchay, La Chapelle-sous-Brancion, Charbonnières, Chardonnay, La Charmée, Charnay-lès-Mâcon, Charrecey, Chasselas, Chassey-le-Camp, Château, Châtenoy-le-Royal, Chaudenay, Cheilly-lès-Maranges, Chenôves, Chevagny-lès-Chevrières, Chissey-lès-Mâcon, Clessé, Cluny, Cormatin, Cortambert, Cortevaix, Couches, Crêches-sur-Saône, Créot, Cruzille, Culles-les-Roches, Curtil-sous-Burnand, Davayé, Demigny, Dennevy, Dezize-lès-Maranges, Donzy-le-National, Donzy-le-Pertuis, Dracy-le-Fort, Dracy-lès-Couches, Epertully, Etrigny, Farges-lès-Chalon, Farges-lès-Mâcon, Flagy, Fleurville, Fley, Fontaines, Fuissé, Genouilly, Germagny, Givry, Granges, Grevilly, Hurigny, Igé, Jalogny, Jambles, Jugy, Jully-lès-Buxy, Lacrost, Laives, Laizé, Lalheue, Leynes, Lournand, La Loyère, Lugny, Mâcon, Malay, Mancey, Martailly-lès-Brancion, Massilly, Massy, Mellecey, Mercurey, Messey-sur-Grosne, Milly-Lamartine, Montagny-lès-Buxy, Montbellet, Montceaux-Ragny, Moroges, Nanton, Ozenay, Paris-l'Hôpital, Péronne, Pierreclos, Plottes, Préty, Prissé, Pruzilly, Remigny, La

Roche-Vineuse, Romanèche-Thorins, Rosey, Royer, Rully, Saint-Albain, Saint-Ambreuil, Saint-Amour-Bellevue, Saint-Boil, Saint-Clément-sur-Guye, Saint-Denis-de-Vaux, Saint-Désert, Saint-Gengoux-de-Scissé, Saint-Gengoux-le-National, Saint-Germain-lès-Buxy, Saint-Gervais-sur-Couches, Saint-Gilles, Saint-Jean-de-Trézy, Saint-Jean-de-Vaux, Saint-Léger-sur-Dheune, Saint-Mard-de-Vaux, Saint-Martin-Belle-Roche, Saint-Martin-du-Tartre, Saint-Martin-sous-Montaigu, Saint-Maurice-de-Satonnay, Saint-Maurice-des-Champs, Saint-Maurice-lès-Couches, Saint-Pierre-de-Varennes, Saint-Rémy, Saint-Sernin-du-Plain, Saint-Symphorien-d'Ancelles, Saint-Vallerin, Saint-Vérand, Saint-Ythaire, Saisy, La Salle, Salornay-sur-Guye, Sampigny-lès-Maranges, Sancé, Santilly, Sassangy, Saules, Savigny-sur-Grosne, Sennecey-le-Grand, Senozan, Sercy, Serrières, Sigy-le-Châtel, Sologny, Solutré-Pouilly, Taizé, Tournus, Uchizy, Varennes-lès-Mâcon, Vaux-en-Pré, Vergisson, Vers, Verzé, Le Villars, La Vineuse, Vinzelles agus Viré;

Is é atá sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú le maolú ar tháirgeadh agus ar fhorbairt na bhfíonta, críoch na mbardas seo a leanas:

— Roinn Yonne: Accolay, Aigremont, Annay-sur-Serin, Arcy-sur-Cure, Asquins, Augy, Auxerre, Avallon, Bazarnes, Bernouil, Bessy-sur-Cure, Bleigny-le-Carreau, Censy, Champlay, Champs-sur-Yonne, Champvallon, Chamvres, Charentenay, Châtel-Gérard, Cheney, Chevannes, Chitry, Coulangeron, Coulanges-la-Vineuse, Cravant, Cruzy-le-Châtel, Dannemoine, Dyé, Epineuil, Escamps, Escolives-Sainte-Camille, Gy-l'Evêque, Héry, Irancy, Island, Joigny, Jouancy, Junay, Jussy, Lichères-près-Aigremont, Lucy-sur-Cure, Mélisey, Merry-Sec, Migé, Molay, Molosmes, Montigny-la-Resle, Mouffy, Moulins-en-Tonnerois, Nitry, Noyers, Ouanne, Paroy-sur-Tholon, Pasilly, Pierre-Perthuis, Pontigny, Quenne, Roffey, Rouvray, Sacy, Saint-Bris-le-Vineux, Saint-Cyr-les-Colons, Sainte-Pallaye, Saint-Père, Sainte-Vertu, Sarry, Senan, Serrigny, Tharoiseau, Tissey, Tonnerre, Tronchoy, Val-de-Mercy, Vallan, Venouse, Venoy, Vermenton, Vézannes, Vézelay, Vézinnes, Villeneuve-Saint-Salves, Villiers-sur-Tholon, Vincelles, Vincelottes, Volgré agus Yrouerre.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

a) Is féidir ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint a fhorlíonadh leis an téarma traidisiúnta 'Premier Cru'.

Is féidir na hainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha ('climats') thíos a chur i ndiaidh ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos maidir leis na fíonta atá i dteideal an téarma traidisiúnta 'Premier Cru' a bheith orthu:

LIOSTA 'CLIMATS'

— 'Beauroy', 'Côte de Savant', 'Troesmes';

— 'Berdiot';

— 'Chaume de Talvat';

— 'Côte de Jouan';

— 'Côte de Léchet';

— 'Côte de Vaubarousse';

— 'Fourchaume', 'Côte de Fontenay', 'L'Homme Mort', 'Vaulorent', 'Vaupulent';

— 'Les Beauregards', 'Côte de Cuisy';

— ‘Les Fourneaux’, ‘Côte des Prés-Girots’, ‘Morein’;

— ‘Mont de Milieu’;

— ‘Montée de Tonnerre’, ‘Chapelot’, ‘Côte de Bréchain’, ‘Pied d’Aloup’;

— ‘Montmains’, ‘Butteaux’, ‘Forêts’;

— ‘Vaillons’, ‘Beugnons’, ‘Chatains’, ‘Les Épinottes’, ‘Les Lys’, ‘Mélinots’;

— ‘Roncières’, ‘Sécher’;

— ‘Vau de Vey’, ‘Vaux Ragons’;

— ‘Vau Ligneau’;

— ‘Vaucoupin’;

— ‘Vosgros’, ‘Vaugiraut’.

Tá ainm ‘climat’ atá i dteideal gabháil leis an téarma traidisiúnta ‘Premier Cru’ le feiceáil díreach tar éis an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, agus priontáiltear é i litreacha nach mó iad, ar airde ná ar leithead, ná na litreacha ina bhfuil ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint scríofa.

b) I gcás fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, féadfar an t-ainm aonaid gheografaigh níos lú a shonrú ar a lipéid, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid seo a leanas:

— is ainm áite i gclár na talún é;

— tá sé le feiceáil ar an dearbhú buainte;

— níl sé sa réimse céanna radhairc leis an bhfaisnéis éigeantach.

Tá ainm na háite sa chlár talún priontáilte i litreacha nach mó ná 2 mhilliméadar.

c) I gcás fíonta atá i dteideal an téarma ‘Premier Cru’, féadfar an t-aonad geografach níos leithne ‘Vin de Bourgogne’ nó ‘Grand Vin de Bourgogne’ a shonrú ar a lipéid.

d) I gcás ina sonraítear an cineál fíniúna ar an lipéad, ní bhíonn sin sa réimse radhairc céanna leis an bhfaisnéis éigeantach, agus priontáiltear é i litreacha nach bhfuil níos mó ná 2 mm.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

http://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-0af98f63-b92a-431b-9640-e1d48b921720